

Deireadh Seachtaine sa Ghaeltacht.

Bhí mé féin agus mo chara Bríd ag féachaint ar fhógra ar scoil lá amháin. Bhí turas go dtí an Ghaeltacht ar siúl don tríú bliain, agus ba mhaith linn dul. Chuir mé m'ainm síos san oifig. Chuaigh muid go dtí an Ghaeltacht ar an bhus agus bhí an turas deas compordach. Chuaigh muid chuig ranganna Gaeilge sa Choláiste agus chuaigh muid chuig/go dtí ranganna damhsa sa tráthnóna. Bhí an aimsir go hálainn gach lá. Chuaigh muid go dtí an trá agus chuaigh muid ag snámh san uisce. Bhí an chraic go hiontach 😊! Bhí seisiún ceoil ar siúl sa Choláiste oíche Shathairn. Chríochnaigh an cúrsa agus chuaigh muid abhaile ar an bhus. Bhí gach duine ag caoineadh ☹️. Bhuail mé le mamaí agus daidí ag an scoil. Bhain muid an-sult as an deireadh seachtaine sa Ghaeltacht.